# I NDIAIDH A INIÚCHTA

- Má léireofar san iniúchadh go bhfuil an córas cóireála ag obair mar is ceart, gheobhaidh tú cóip den tuairisc ina ndéanfar comhlíontacht a dhearbhú sa phost.
- Más amhlaidh sin, coinnigh den obair mhaith maidir le do chóras cóireála a oibriú agus a chothabháil!
- Má fhaightear fadhbanna san iniúchadh, inseoidh an cigire é sin duit láithreach.
- Gheobhaidh tú cóip de thuairisc lena mbeidh Fógra Comhairle laistigh de 21 lá den iniúchadh ina:
  - gcuirfear in iúl duit go bhfuil an DWWTS baolach do shláinte an duine nó don chomhshaol;
  - cuirtear ar an eolas tú go bhfuil rialacháin á sárú ag do DWWTS;
  - gcuirfear na cúiseanna leis an tuairim sin in iúl duit;
  - agus ina n-ordófar ort na cúrsaí atá sainithe san fhógra sin a leasú faoi dháta faoi leith.

- D'fhéadfadh sé go gcaithfeá sainchomhairle theicniúil a lorg d'fhonn cloí leis an bhFógra Comhairleach.
- D'fhéadfadh sé go n-iarrfá go ndéanfaí iniúchadh ar do DWWTS arís ar tháille €20. D'fhéadfaí an Fógra Comhairleach a dhearbhú, a leasú nó a chur ar ceal mar thoradh air sin.
- I gcúinsí áirithe, agus ar chúiseanna bailí, b'fhéidir go dtabharfadh an t-údarás áitiúil síneadh ama duit chun na hoibreacha leasúcháin a dhéanamh.
- D'fhéadfá a bheith i dteideal deontas a fháil chun cuidiú leat leis an gcostas a bhainfeadh le fadhbanna ar bith a sainaithníodh le linn an iniúchta a dheisiú.

## TUILLEADH EOLAIS

- Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar an dóigh le do chóras cóireála fuíolluisce a chothabháil ón mbileog dar teideal *"An Méid is Gá a Bheith ar Eolas Agat faoi d'Umar Seipteach"* (ar fáil ó láithreán Gréasáin d'údaráis áitiúil nó **www.protectourwater.ie**).
- Le heolas a fháil faoin dóigh lena chinntiú go bhfuil do chuid uisce óil sábháilte, féach ar an mbileog *"An bhfuil do Thobar i mBaol ag d'Umar Seipteach"* (ar fáil ó láithreán Gréasáin d'údaráis áitiúil nó **www.protectourwater.ie**).
- Déan cinnte i gcónaí má bhíonn oibreacha á déanamh agat ar do chóras go n-úsáideann tú conraitheoir creidiúnach agus inniúil.
- Má tá tú buartha go bhféadfadh do thobar a bheith éillithe nó i mbaol, ní mór duit tástáil a fháil déanta air. Chun comhairle a fháil maidir le tástáil a fháil déanta ar do thobar uisce déan teagmháil le d'údarás áitiúil nó Oifigeach Sláinte Chomhshaoil FSS.
- Le tuilleadh eolais a fháil maidir le ceann ar bith de na ceisteanna sna bileoga seo déan teagmháil le d'údarás áitiúil nó **www.epa.ie**.

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

epa
Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# CAD LE BHEITH AG SÚIL LEIS Ó INIÚCHADH AR **UMAR SEIPTEACH**

# RÉAMHRÁ

- Braitheann thart ar thrian de na tithe ar fad (500,000) in Éirinn ar chóras cóireála fuíolluisce tís (DWWTS) chun a bhfuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus a dhiúscairt. Is cineál amháin DWWTS iad umair sheipteacha.
- Nuair nach ndéantar iad a dhearadh nó a oibriú mar is ceart d'fhéadfadh DWWTSanna ár dtoibreacha nó foinsí uisce a éilliú.
- Is féidir le huisce éillithe ó umair sheipteacha pataiginí (baictéir/frídíní/frídí) agus ceimiceáin dhochracha a iompar a d'fhéadfadh tinneas tromchúiseach a bheith mar thoradh orthu nó a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chomhshaol.
- D'fhéadfadh linnte fuíolluisce agus éilliú ithreach go háirithe thart ar umair sheipteacha a bheith baolach don tsláinte poiblí.



# CÉN FÁTH A NDÉANTAR INIÚCHTAÍ?

- Is miste linn go léir faoi cháilíocht ár n-uisce agus faoina iarmhairt ar ár sláinte, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol. Chun na críche sin, tá reachtaíocht tugtha isteach ag an Rialtas ina ndéantar foráil d'iniúchtaí ar chórais chóireála fuíolluisce tís.
- Is ar mhaithe le gach duine atá sé córais chliste a shainaithint agus a leasú (a cheartú), go háirithe iad siúd atá i mbaol a soláthar uisce óil a bheith éillithe.
- Faoin *Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007* (arna leasú), tá cigirí ceaptha ag an EPA chun iniúchadh a dhéanamh ar DWWTSanna ionas nach ndéanann siad bagairt ar ár sláinte nó ar an gcomhshaol.
- Cuireadh cur i gcrích na n-iniúchtaí sin faoi chúram na nÚdarás Áitiúil.

# AN NDÉANFAR INIÚCHADH ORMSA?

- D'fhéadfadh a n-údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar dhuine ar bith a bhfuil DWWTS acu – áirítear leis sin umair sheipteacha, gléasraí pacáistithe, aonaid chóireála threasacha agus láithreacha bainteacha diúscartha nó ionsíothlúcháin.
- Ní dhéanfar iniúchadh ar gach DWWTS. Déantar iniúchtaí a leithdháileadh de réir measúnuithe riosca ceantair, .i. déanfar níos mó iniúchtaí sa chás go bhfuil an riosca don tsláinte nó don chomhshaol níos airde agus níos lú sa chás go bhfuil an riosca níos ísle.
- Má dhéanfar tú a roghnú i gcomhair iniúchta, gheobhaidh tú litir ó d'údarás áitiúil ag insint duit faoi sin agus tabharfaidh siad fógra deich lá oibre ar a laghad duit.



# CONAS ULLMHÚ I GCOMHAIR INIÚCHTA

- Bíodh do dheimhniú clárúcháin ar fáil agat i gcomhair iniúchta.
- Bíodh fios agat cá bhfuil do chóras fuíolluisce. Le heolas a fháil ar an dóigh le d'umar seipteach a aimsiú féach ar an mbileog "An Méid is Gá a Bheith ar Eolas Agat faoi d'Umar Seipteach" (ar fáil ó láithreán Gréasáin d'údaráis áitiúil nó www.protectourwater.ie).
- Bíodh sonraí an chonraitheora agat má baineadh sloda de do chóras le déanaí.
- Bíodh páipéarachas ar fáil maidir le suiteáil, cothabháil nó obair fheabhsúcháin a rinneadh nuair is cui.

# AN TINIÚCHADH

- Nuair a thiocfaidh an cigire taispeánfaidh siad a gcárta aitheantais agus údarú, agus cuirfidh siad roinnt buncheisteanna ort faoi do chóras.
- D'fhéadfadh an cigire amharc ar do dheimhniú clárúcháin agus páipéarachas eile.
- Seiceálfaidh an cigire dúnphoill agus píbobair le haghaidh sceite agus nach bhfuil sloda iomarca sa chóras.
- Déanfar na draenacha a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil fuíolluisce agus uisce liath ag dul isteach sa chóras áit ar féidir iad a chóireáil, agus nach bhfuil uisce dín agus uisce dromchla ag dul isteach san umar a d'fhéadfadh tuile a bheith mar thoradh air.
- Déanfar an láthair shíothlaithe a sheiceáil le haghaidh comharthaí linnte, mar aon le díoga agus draenacha cóngaracha.
- Déanfar an córas a sheiceáil chomh maith le haghaidh bolaithe nó torann núise.

